RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1091 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Iúil 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach i gcoinne allmhairí táirgí áirithe cruach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ([1]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe ([2]), agus go háirithe Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún ([3]), tá fad curtha ag an gCoimisiún leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí áirithe cruach a fhorchuirtear de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([4]).

(2) Bhí earráid chléireachais san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún. Cé go raibh na Taraif-Chuótaí iomlána ('TRQanna') le haghaidh chatagóir 4 ceart, na deighiltí idir catagóir 4A agus catagóir 4B, chomh maith leo siúd idir taraif-chuótaí tírshonracha agus iarmharacha, ní raibh siad sin ceart.

(3) Measann an Coimisiún nach mór an earráid sin a cheartú chun leithdháileadh cuí na dtaraif-chuótaí a cheadú agus beidh éifeacht leis ón 1 Iúil 2021,

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Choimircí a bunaíodh faoi Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2015/478 agus Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2015/755 faoi seach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an gcuid de thábla IV.1 dar teideal 'Méideanna na dtaraifchuótaí' a bhaineann le catagóirí táirgí 4A agus 4B in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún, cuirtear an tábla in Iarscríbhinn I in hionad.

Airteagal 2

Maidir leis an gcuid de thábla IV.2 dar teideal 'Méid na dtaraif-chuótaí in aghaidh na ráithe' a bhaineann le catagóirí táirgí 4A agus 4B in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún, cuirtear an tábla in Iarscríbhinn II in hionad.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Iúil 2021.

([1]) IO L 83, 27.3.2015, lch. 16.
([2]) IO L 123, 19.5.2015, lch. 33.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí áirithe cruach. IO L 225I, 25.6.2021, lch. 1.
([4]) IO L 31, 1.2.2019, lch. 27.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Iúil 2021

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

‘4.A	Leatháin Mhiotalacha Bhrataithe	Cóid TARIC: 7210 41 00 20 , 7210 41 00 30 , 7210 49 00 20 , 7210 49 00 30 , 7210 61 00 20 , 7210 61 00 30 , 7210 69 00 20 , 7210 69 00 30 , 7212 30 00 20 , 7212 30 00 30 , 7212 50 61 20 , 7212 50 61 30 , 7212 50 69 20 , 7212 50 69 30 , 7225 92 00 20 , 7225 92 00 30 , 7225 99 00 11 , 7225 99 00 22 , 7225 99 00 23 , 7225 99 00 41 , 7225 99 00 45 , 7225 99 00 91 , 7225 99 00 92 , 7225 99 00 93 , 7226 99 30 10 , 7226 99 30 30 , 7226 99 70 11 , 7226 99 70 13 , 7226 99 70 91 , 7226 99 70 93 , 7226 99 70 94	Cóiré (Poblachtna)	34 726,32	34 726,32	33 971,40	34 348,86	35 768,11	35 768,11	34 990,54	35 379,32	36 841,15	36 841,15	36 040,26	36 440,70	25 %	09.8816
			An India	49 638,36	49 638,36	48 559,27	49 098,82	51 127,51	51 127,51	50 016,05	50 571,78	52 661,34	52 661,34	51 516,53	52 088,93	25 %	09.8817
			An Ríocht Aontaithe	32 719,56	32 719,56	32 008,27	32 363,92	33 701,15	33 701,15	32 968,52	33 334,83	34 712,19	34 712,19	33 957,57	34 334,88	25 %	09.8979
			Tíortha eile	439 629,02	439 629,02	430 071,87	434 850,45	452 817,89	452 817,89	442 974,02	447 895,96	466 402,42	466 402,42	456 263,24	461 332,84	25 %	([5])
4.B		Cóid CN: 7210 20 00 , 7210 30 00 , 7210 90 80 , 7212 20 00 , 7212 50 20 , 7212 50 30 , 7212 50 40 , 7212 50 90 , 7225 91 00 , 7226 99 10 cóid TARIC: 7210 41 00 80 , 7210 49 00 80 , 7210 61 00 80 , 7210 69 00 80 , 7212 30 00 80 , 7212 50 61 80 , 7212 50 69 80 , 7225 92 00 80 , 7225 99 00 25 , 7225 99 00 95 , 7226 99 30 90 , 7226 99 70 19 , 7226 99 70 96	An tSín	118 662,79	118 662,79	116 083,16	117 372,98	122 222,67	122 222,67	119 565,66	120 894,17	125 889,35	125 889,35	123 152,63	124 520,99	25 %	09.8821
			Cóiré (Poblachtna)	154 003,68	154 003,68	150 655,77	152 329,73	158 623,79	158 623,79	155 175,45	156 899,62	163 382,50	163 382,50	159 830,71	161 606,61	25 %	09.8822
			An India	70 874,00	70 874,00	69 333,27	70 103,64	73 000,22	73 000,22	71 413,26	72 206,74	75 190,23	75 190,23	73 555,66	74 372,95	25 %	09.8823
			An Ríocht Aontaithe	32 719,56	32 719,56	32 008,27	32 363,92	33 701,15	33 701,15	32 968,52	33 334,83	34 712,19	34 712,19	33 957,57	34 334,88	25 %	09.8980
			Tíortha eile	99 301,05	99 301,05	97 142,33	98 221,69	102 280,08	102 280,08	100 056,60	101 168,34	105 348,48	105 348,48	103 058,30	104 203,39	25 %	([6])

([5]) Ó 1.7 go 31.3: 09.8609
Ó 1.4 go 30.6: 09.8610
Ó 1.4 go 30.6: I ndáil leis an India*, leis an gCóiré (Poblacht na)*, agus leis an Ríocht Aontaithe*: 09.8570 *I gcás ina mbeidh a gcuótaí sonracha ídithe i gcomhréir le hAirteagal 1.5
([6]) Ó 1.7 go 31.3: 09.8611
Ó 1.4 go 30.6: 09.8612
Ó 1.4 go 30.6: I ndáil leis an tSín*: 09.8581, i ndáil leis an gCóiré (Poblacht na)*: 09.8582, i ndáil leis an India*: 09.8583, i ndáil leis an Ríocht Aontaithe*: 09.8584 *I gcás ina mbeidh a gcuótaí sonracha ídithe i gcomhréir le hAirteagal 1.5’

IARSCRÍBHINN II

‘4A	Tíortha eile	439 629,02	439 629,02	430 071,87	434 850,45	452 817,89	452 817,89	442 974,02	447 895,96	466 402,42	466 402,42	456 263,24	461 332,84
4B	Tíortha eile	99 301,05	99 301,05	97 142,33	98 221,69	102 280,08	102 280,08	100 056,60	101 168,34	105 348,48	105 348,48	103 058,30	104 203,39’